Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

| Uimhir Iarrthóra |
|---|
| |

**General Certificate of Secondary Education**
**2010**

# Tíreolaíocht

## Páipéar 2
## Bonnsraith

**[G3602]**

G3602

**DÉARDAOIN 17 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **3** cheist.
Tá léarscáil S.O. ar fáil duit le húsáid le **Ceist 3**.
Ná scríobh do fhreagraí ar an léarscáil seo.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 126 an marc iomlán don pháipéar seo, le 6 mharc ar a mhéad ag dul do chaighdeán na cumarsáide scríofa.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá rialóir de dhíth le **Ceist 3**.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| CCS | |
| **Marc Iomlán** | |

## Téama D: Daonra agus Acmhainní

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

1 **(a)** Déan staidéar ar **Fíor 1** a thaispeánann an dlús daonra d'Éirinn agus do gach tír sa Bhreatain Mhór. Freagair na ceisteanna a leanann.




© *Home Ground: a geography of Northern Ireland by Derek Polly, page 56, published by Colourpoint Books, 2006, ISBN 1904242723*

**Fíor 1**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Comhlánaigh **Tábla 1** leis an dlús daonra ceart don Bhreatain Bheag a thaispeáint. (Úsáid an eochair ar **Fíor 1** le cuidiú leat.)

**Tábla 1**

| **Tír** | **Dlús daonra (Daoine sa km chear)** |
|---|---|
| Sasana | 380 |
| An Bhreatain Bheag | |
| Tuaisceart Éireann | 120 |
| Albain | 70 |
| Poblacht na hÉireann | 50 |

[1]

**(ii)** T aispeánann **Tábla 2** ráitis faoi dhlús daonra in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór. Comhlánaigh an tábla trí FÍOR nó BRÉAGACH a scríobh. Tá ceann amháin acu déanta.

**Tábla 2**

| **Ráiteas** | **Fíor/Bréagach** |
|---|---|
| Ní hionann an dlús daonra i ngach cuid d'Éirinn nó den Bhreatain Mhór | **FÍOR** |
| Is in Albain atá an dlús daonra is ísle | |
| Tá an dlús daonra in Albain a dhá oiread chomh mór leis an dlús daonra sa Bhreatain Bheag | |
| Is de réir daoine sa km chear a thomhaistear dlús daonra | |

[3]

**(iii)** Tarraing saigheada ar **Tábla 3** leis na háiteanna atá liostaithe a shórtáil de réir dlús ard nó dlús íseal. Tá ceann amháin déanta duit.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**Tábla 3**

| DLÚS ARD | ÁIT | DLÚS ÍSEAL |
|---|---|---|
| | Foraois bháistí na hAmasóine → | |
| | Fásach an tSáhara | |
| | Nua Eabhrac | |
| | Na Beanna Boirche | |

[3]

**(iv)** Cad é a chiallaíonn an téarma **tearcdhaonra**?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Déan staidéar ar **Fíor 2** a thaispeánann fás dhaonra an domhain thar am. Freagair na ceisteanna a leanann.




*© United Nations – Adapted diagram found at: http://www.un.org/esa/population/publications/sixbillion/sixbilpart1.pdf*

**Fíor 2**

**(i)** Luaigh daonra measta an domhain don Bhliain 2100.

______________________________________________________ [1]

**(ii)** Comhlánaigh na ráitis seo a leanas faoi **Fíor 2** tríd an fhocal cheart a fholíniú.

- Idir 1950 agus 2000 bhí ráta fáis **measartha/gasta** faoi dhaonra an domhain.
- In 1750 bhí ráta **ard/íseal** de mhéadú nádúrtha.
- Is dócha go mbeidh daonra an domhain **ceithre/sé** huaire chomh mór in 2050 is a bhí sé in 1950.

[3]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**(iii)** Comhlánaigh **Fíor 3** trí na dóigheanna éagsúla a dtiocfadh athrú ar an daonra i gceantar a líonadh isteach. Tá cuid acu déanta.




[2]

*Foinse: An Príomhscrúdaitheoir*

**Fíor 3**

**(iv)** Cad é a chiallaíonn an téarma **athrú daonra**?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(v)** Ag baint úsáid as cás-staidéar ar athrú daonra i dTír Fhorbartha (MEDC) a ndearna tú staidéar uirthi, cuir síos ar cad é mar a d'athraigh **rátaí breithe** thar am agus luaigh ina iomláine fáth **amháin** ar athraigh siad.

MEDC ______________________________________________ [1]

Athrú ar ráta breithe ______________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________ [3]

Fáth leis an athrú _________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Déan staidéar ar **Fíor 4** a thaispeánann dearcadh daoine a chuaigh ar imirce. Freagair na ceisteanna a leanann.




*Foinse: An Príomhscrúdaitheoir*

**Fíor 4**

**(i)** Cén treo a bhfuil Los Angeles ó Chathair Mheicsiceo?

________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an duine NACH imirceach idirnáisiúnta é/í.

________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii) Folínigh** an tír atá ar theorainn thuaidh Mheicsiceo.

**Hondúras** **SAM** **An Bheilís** [1]

**(iv) Folínigh** an focal ceart a chuireann síos ar dhaoine de chine difriúil, dar dath difriúil agus de chreideamh difriúil agus a chónaíonn sa cheantar chéanna.

**Ilnáisiúnta** **Ilstórach** **Ilchultúrtha** [1]

**(v)** Cad é a chiallaíonn an téarma **imirce**?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(vi)** Is iomaí tionchar a bhíonn ag imirce ar cheantar. Luaigh ina iomláine tionchar **diúltach amháin** a bheadh ag imirce ar cheantar.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [3]

**(d)** Déan staidéar ar **Fíor 5** a thaispeánann ráitis ar cad é mar atá fuinneamh in-athnuaite á úsáid sa Danmhairg. Freagair na ceisteanna a leanann.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




| | |
|---|---|
| Tá 4,900 tuirbín gaoithe sa Danmhairg agus is amach ón chósta thiar atá a bhformhór suite. | Is féidir cumhacht a shólathar do suas le 440,000 teach sa Danmhairg le fuinneamh gaoithe. |
| Soláthraíonn fuinneamh gaoithe 7% den leictreachas sa Danmhairg – an méid is mó san Eoraip. | Is é an sprioc atá ann go mbeidh 50% den leictreachas sa Danmhairg á ghiniúint ag fuinneamh gaoithe faoi 2030. |

*Foinse: An Príomhscrúdaitheoir*

**Fíor 5**

**(i)** Ainmnigh acmhainn in-athnuaite **amháin**, seachas cumhacht ghaoithe, agus acmhainn neamh-in-athnuaite **amháin**.

In-athnuaite ____________________________________________ [1]

Neamh-in-athnuaite _____________________________________ [1]

**(ii)** Agus **Fíor 5** ina cuidiú agat, luaigh sprioc 2030 maidir leis an leictreachas a ghinfear leis an ghaoth sa Danmhairg.

______________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** I gcás scéim fuinnimh in-athnnuaite ag scála réigiúnach/náisiúnta a ndearna tú staidéar uirthi, luaigh ina iomláine buntáiste **amháin** don timpeallacht dá barr.

Ainm na scéime ______________________________ [1]

Buntáiste ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

## Téama E: Athrú Eacnamaíoch agus Forbairt Eacnamaíoch

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Déan staidéar ar **Fíor 6** a thaispeánann fógra do Choicís Chóirthrádala in 2010. Freagair na ceisteanna a leanann.




Táimid ag iarraidh ar bhreis agus milliún duine a bheith páirteach linn sa bhabhtáil mhór. Le linn choicís na Cóirthrádála, babhtáil na hearraí a cheannaíonn tú de ghnáth agus ceannaigh earraí Cóirthrádála amhail siúcra, éadaí, bananaí agus liathróidí peile, fiú!

*© Fairtrade Foundation http://www.fairtrade.org.uk/thebigswap*

**Fíor 6**

**(i)** Cad é a chiallaíonn an téarma **Cóirthrádáil**?

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(ii)** Sainaithin bia Cóirthrádála **amháin** ó **Fíor 6**.

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Luaigh ina iomláine buntáiste **amháin** do Thíortha i mBéal Forbartha (LEDCs) mar gheall ar Chóirthrádáil.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Déan staidéar ar **Fíor 7** a ainmníonn agus a chuireann síos ar chineálacha cúnaimh atá ar fáil do Thíortha i mBéal Forbartha. Freagair na ceisteanna a leanann.

| | |
|---|---|
| Cúnamh Déthaobhach • | • Cúnamh a thugtar do thír agus a chaithfear a úsáid do thionscnamh ar leith. |
| Cúnamh Deonach • | • Cúnamh a thugann rialtais d'eagraíochtaí amhail an Banc Domhanda a thugann do thíortha is boichte ansin é. |
| Cúnamh Iltaobhach • | • Cúnamh a thugtar i ndiaidh tubaiste nádúrtha nó cogaidh le daoine a choinneáil beo. |
| Cúnamh Éigeandála • | • Cúnamh a thagann ón phobal i gcoitinne agus a dtugann eagraíochtaí amhail Oxfam amach é. |
| Cúnamh Sonraithe • | • Cúnamh a thugann tír amháin díreach do thír eile. |

**Fíor 7**

**(i)** Tarraing línte leis an chineál cúnaimh a mheaitseáil lena chur síos ceart. Tá ceann amháin acu déanta. [4]

**(ii)** Luaigh ina iomláine fáth **amháin** a dtugann Tíortha Forbartha (MEDCs) cúnamh do Thíortha i mBéal Forbartha (LEDCs).

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ [3]

**(iii)** Sa liosta thíos, ciorclaigh **dhá** mhíbhuntáiste a bheadh ag Tíortha i mBéal Forbartha mar gheall ar chúnamh.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **ina cúis le fiacha is mó** | **uisce glan a sholáthar** | **cúram míochaine is fearr** | **margaí áitiúla is lú** |

[2]

**(c)** Déan staidéar ar **Fíor 8** a thaispeánann scaipghraf a dhéanann comparáid idir OTN (GNP) agus an ráta Litearthachta do chúig thír. Freagair na ceisteanna a leanann.




*Foinse: An Príomhscrúdaitheoir*

- Is é is ráta litearthachta ann ná céatadán na ndaoine i dtír a bhfuil léamh agus scríobh acu.
- Cuireann OTN in aghaidh an duine in iúl cad é meántuilleamh bliantúil na ndaoine i dtír.

**Fíor 8**

**(i)** Comhlánaigh na ráitis seo a leanas faoi **Fíor 8** tríd an fhreagra cheart a fholíniú.

Is í **an Ostair/an India** an tír ina bhfuil an ráta litearthachta is airde.

Taispeánann an graf seo gaol **dearfach/diúltach** idir OTN agus rátaí litearthachta.

Is cosúil go mbíonn ráta litearthachta **íseal/ard** i dtíortha a bhfuil OTN ard acu.

Níl ráta litearthachta is ísle ná **35%/25%** i gceann ar bith de na tíortha.

[4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Luaigh ina n-iomláine **dhá** fháth nach mbíonn léamh ná scríobh ag cuid mhór daoine i dtíortha bochta (LEDCs).

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

[6]

**(d)** Déan staidéar ar **Fíor 9** a thaispeánann ceantar sa RA darb ainm Silicon Glen. Tá cuid mhór tionscail ardteicneolaíochta lonnaithe anseo. Freagair na ceisteanna a leanann.




*Figure from Complete Geography by Simon Chapman et al (OUP, 1998). Copyright © Oxford University Press 1998, reprinted by permission of Oxford University Press*

**Fíor 9**

**(i)** Cad é an mótarbhealach a théann ó thuaidh ó Dhún Éideann?

______________________________________________ [1]

**(ii)** Sórtáil na ráitis in **Tábla 4** mar bhuntáiste nó mar mhíbhuntáiste maidir le suíomh Silicon Glen le haghaidh tionscail ardteicneolaíochta. Tá ceann amháin acu déanta.

**Tábla 4**

| Toisc | Buntáiste | Míbhuntáiste |
|---|---|---|
| Tá sé scoite ó na hionaid tionscail ardteicneolaíochta eile. | | ✓ |
| Cuid mhór príomhbhóithre agus mótarbhealaí. | | |
| Ardleibhéal truaillithe i gcathair Glaschú. | | |
| Cóngarach do dhá aerfort. | | |

[3]

**(iii)** Cad é a chiallaíonn an téarma **tionscal ardteicneolaíochta**?

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(e)** Déan staidéar ar **Fíor 10** a luann ceithre fhíric faoi CTN (TNCs). Freagair na ceisteanna a leanann.




**Fíor 10**

**(i)** Scríobh ina iomláine cad é dó a seasann na litreacha **CTN (TNC)**.

_______________________________________________ [2]

**(ii)** Agus **Fíor 10** ina cuidiú agat, luaigh ina hiomláine dóigh **amháin** a rachadh CTNanna chun tairbhe do Thír i mBéal Forbartha.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(iii)** Ainmnigh CTN amháin a ndearna tú staidéar uirthi agus luaigh ina iomláine fáth **amháin** ar aistrigh sí a cuid monarchana ó Thír Fhorbartha go Tír i mBéal Forbartha.

Ainm na CTN ______________________ [1]

Fáth _______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

## Téama F: Lonnaíochtaí agus Athrú

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3 (a)** Déan staidéar ar shliocht na Suirbhéireachta Ordanáis de Durham i Sasana agus freagair na ceisteanna a leanann.

Is é atá in **Fíor 11** anseo thíos ná léarscáil de Durham (GR 2742). Taispeánann sí an chathair sa bhliain 1610.




**Fíor 11**

**(i)** Luaigh agus mínigh toisc **amháin** a mbeadh tionchar aici ar an chúis ar roghnaíodh an suíomh seo do Durham an chéad uair.

Toisc __________________________________ [1]

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

______________________________________ [3]

**(ii)** Agus léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis in úsáid agat, luaigh an fad dronlíne ón áit páirceála agus taistil ag 307446 go dtí stáisiún na mbusanna agus na gcóistí i lár Durham ag 269426.

km ________________ [2]

**(iii)** Luaigh fáth **amháin** ar suíomh maith é seo d'áit páirceála agus taistil. (GR 3044).

________________________________________

________________________________________

______________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Déan staidéar ar **Fíor 12** a thugann eolas ar na háiseanna Páirceála agus Taisitil in Durham. Freagair an cheist a leanann.



Páirceáil agus Taistil
Belmont (GR 3044)

Tógadh 3 shuíomh Páirceála agus Taistil in Durham in 2005. Tá níos mó daoine á n-úsáid gach mí ó shin i leith.

Tá 1000 áit páirceála sna Carrchlóis Páirceála agus Taistil mar ar féidir le tiománaithe an carr a fhágáil agus dul isteach go Durham le bus.

Tá sé beartaithe ag Comhairle Cathrach Durham níos mó áiseanna Páirceála agus Taistil a thógáil i gceantair eile den chathair.

*© Oliver Dixon http://geograph.org.uk/photo/373392*

**Fíor 12**

Luaigh cé acu atá na rátis seo a leanas fíor nó bréagach.

- Is maith le tiománaithe cairr na háiteanna Páirceála agus Taistil.

  ______________________

- Is lú brú tráchta atá sa chathair mar gheall ar an bheart Páirceála agus Taistil.

  ______________________

- Níl Durham chomh hinbhuanaithe céanna mar chathair mar gheall ar an scéim Páirceála agus Taistil.

  ______________________

[3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Déan staidéar ar shliocht na Suirbhéireachta Ordanáis agus freagair na ceisteanna a leanann.

**(i)** Cuir na lonnaíochtaí seo a leanas in ord a méide in **Tábla 5** ag tosú leis an cheann is mó.

Durham (GR 2742) Sherburn (GR 3142)

Edmondsley (GR 2349) Sacriston (GR 2447)

**Tábla 5**

| Rang-ord | Lonnaíocht |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |

[4]

**(ii)** Folínigh an téarma thíos a chiallaíonn lonnaíochtaí á gcur in ord de réir méide agus tábhachta.

**criosanna feidhme** **ordlathas lonnaíochta** **dáileadh**

[1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** Comhlánaigh **Tábla 6** lena thaispeáint cad iad na seirbhísí atá ar fáil in Sacriston (GR 2447) agus in Edmondsley (GR 2349). Tá na seirbhísí in Durham (GR2742) comhlánaithe cheana féin.

**Tábla 6**

| **Lonnaíocht** | **Oifig Phoist** | **Eaglais** | **Teach tábhairne** | **2 bhóthar nó níos mó** | **Busáras** | **Scoil** | **Ospidéal** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Durham | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Sacriston | ✓ | | | ✓ | | | |
| Edmondsley | | | ✓ | ✓ | | | |

[4]

**(iv)** Comhlánaigh na habairtí seo thíos faoi **Tábla 6** tríd an fhocal cheart a fholíniú.

Dá mhéad an lonnaíocht is amhlaidh is (**lú/mó**) seirbhísí a bheidh inti.

Is í (**Durham/Edmondsley**) an lonnaíocht a bhfuil an réimse tionchair is mó aici.

Is ag (**Sacriston/ Edmondsley**) atá an daonra tairsí atá riachtanach le haghaidh scoile.

Is **cathair**/**baile mór**/**sráidbhaile**) í Edmondsley a bhfuil ord (**ard/íseal**) seirbhísí ar fáil inti.

[5]

**(v)** Is dhá lonnaíocht is lú iad Sherburn (GR 3142) agus Sacriston (GR2447) atá cóngarach do Durham. Ar an liosta thíos, folínigh an treo a bhfuil Sherburn ó Sacriston.

**Siar** **Soir ó Dheas** **Siar ó Thuaidh**

[1]

**(vi)** Folínigh neas-achar Sherburn (GR 3142) ón liosta seo thíos.

**0.75 km$^2$** **2 km$^2$** **5 km$^2$**

[1]

**(d)** Déan staidéar ar **Tábla 7** a thaispeánann an chuid de dhaonra an domhain i gceantair uirbeacha ag amanna difriúla. Freagair na ceisteanna a leanann.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**Tábla 7**

| **An céatadán den Daonra a chónaíonn i gCeantair Uirbeacha** | | |
|---|---|---|
| | **2000** | **2030 measta** |
| Tíortha Forbartha | 76 | 84 |
| Tíortha i mBéal Forbartha | 40 | 56 |

*© Tables from Geog GCSE by Anna King et al (OUP, 2006), copyright © Oxford University Press 2006, reprinted by permission of Oxford University Press.*

**(i)** Cuir síos ar na hathruithe ar an chéatadán den daonra a chónaíonn i gceantair uirbeacha mar a léirítear in **Tábla 7** iad.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(ii)** Aistríonn cuid mhór daoine isteach sna cathracha i dTíortha i mBéal Forbartha. Luaigh ina iomláine fáth **amháin** le cad chuige.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(iii)** Folínigh an téarma sa liosta thíos a chiallaíonn daoine a bheith ag aistriú amach as na cathracha i dTíortha Forbartha le cur fúthu i gceantair tuaithe.

**Uirbiú** **Sraoilleáil uirbeach** **Frith-uirbiú**

[1]

**(e)** Déan staidéar ar **Fíor 13** a thaispeánann baile seantán in Kolkata, an India. Freagair na ceisteanna a leanann.



*É Thierry Prat/Sygma/Corbis*

**Fíor 13**

Luaigh ina n-iomláine **dhá** fhadhb a bhíonn ag daoine a chónaíonn i mbaile seantán. (Is féidir an grianghraf a úsáid le cuidiú leat.)

Fadhb 1 ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Fadhb 2 ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

Caighdeán na cumarsáide scríofa

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.